V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11134 — NOVOFLEET / SHAREHOLDERS OF ANDAMUR / ROAD)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 306/03)

1. An 23 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Novofleet Verwaltungsgesellschaft mbH ('Novofleet', an Ghearmáin), a bhaineann le DKV Mobility Group (an Ghearmáin),

— Fondalmanzora Investment, S.L.U. ('Fondalmanzora', an Spáinn),

— 1994 Andamur, S.L.U. ('1994 Andamur', an Spáinn),

— Participaciones Almanzora, S.L.U. ('Almanzora', an Spáinn),

— Miras y Cazorla, S.L.U. ('Miras', an Spáinn),

— Road Solution Pro, S.L. ('Road', an Spáinn).

Gheobhaidh Novofleet agus Fondalmanzora, 1994 Andamur, Almanzora agus Miras ('Scairshealbhóirí Andamur' le chéile) rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Road ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá **Novofleet**, , atá ina chuid de DKV Mobility Group, gníomhach i ndíol cártaí breosla le haghaidh gnáthbhreosla agus cártaí luchtaithe leictreacha le haghaidh feithiclí leictreacha. Soláthraíonn DKV Mobility Group freisin réitigh íocaíochta dolaí, réitigh soghluaisteachta (i.e., páirceáil, seirbhísí cíosa, deisiú na feithicle, agus réitigh dhigiteacha nuálacha, i measc nithe eile) mar aon le seirbhísí aisíocaíochta cánach CBL agus cánach eile,

— Tá rialú comhpháirteach ag **scairshealbhóirí Andamur** ar GP Límite Andamur, S.L., gnólacht teaghlaigh Spáinneach atá gníomhach i soláthar seirbhísí comhtháite a bhaineann le hiompar. Is meáin infheistíochta iad a bhfuil gníomhaíocht aonair acu a bhaineann le scairshealbha nó leasanna cothromais i gcuideachtaí eile a fháil, a shealbhú, a riar, a dhiúscairt agus a dhíol.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

— Is cuideachta é **Road** a corpraíodh in 2022 agus is éard atá ann na haonaid ghnó a leanas: (i) cártaí athbhreoslaithe saor ó airgead tirim agus saor ó chártaí creidmheasa a eisiúint ar féidir le cliaint ghairmiúla iad a úsáid; (ii) seirbhísí cíosa agus bainistíochta feistí íocaíochta dolaí; agus (iii) seirbhísí aisíocaíochta CBL agus cánach eile a bhaineann le breosla le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a sholáthar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11134 — NOVOFLEET / SHAREHOLDERS OF ANDAMUR / ROAD

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.